# Leabhar Cheanannais

‘Deacair docht a thabhairt soiléir’



Taispeántas agus Siopa na Leabharlainne ar oscailt
seacht lá na seachtaine

Amanna oscailte
Luan-Satharn 09.30 - 17.00
Domhnach (Deireadh Fómhair - Bealtaine) 12.00 - 16.30
Domhnach (Meitheamh - Meán Fómhair) 09.30 - 16.30

Leabharlann Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath

## ‘Deacair docht a thabhairt soiléir’

Taispeántas ar Leabhar Cheanannais agus lámhscríbhinní eile.



Bhí daonra na hÉireann faoi bhun leathmhilliúin tráth a scríobhadh Leabhar Cheanannais os cionn míle bliain ó shin. Bhí cónaí ar an bpobal i ndaingne ar an gcósta agus gar d’aibhneacha.

Eagraíocht mhanachúil ab ea an eaglais in Éirinn den chuid ba mhó. Bhí cónaí ar na manaigh i gcomhthionóil a dhéanadh staidéar ar bhriathar Dé. Dhéanaidís troscadh agus obair láimhe freisin. Scaiptí teachtaireacht bheatha Chríost trí leabhair shoiscéil, agus bhí ardmheas ag an bpobal ar na scríobhaithe agus na healaíontóirí a chuireadh iad ar fáil.



Is é atá i Leabhar Cheanannais cóip shármhaisithe Laidine de na ceithre shoiscéal. Tá sé á shamhlú le fada an lá le Naomh Colm Cille (*c 521-597 AD*). Bhunaigh seisean a phríomh-mhainistir in Oileán Í, amach ó chósta na hAlban, thart ar 561. Is dócha gur ansin a chuir na manaigh Leabhar Cheanannais le chéile go luath sa 9ú haois, ach b’fhéidir gur i gCeanannas, Contae na Mí, nó sa dá áit, a cuireadh le chéile é. Is go Ceanannas a d’aistrigh na



manaigh tar éis 806 AD, tráth a mharaigh na Lochlannaigh ocht manach is seasca i ruathar a rinne siad ar Oileán Í. Cuireadh Leabhar Cheanannais go Baile Átha Cliath in aimsir Chromail, thart ar 1653, ar chúiseanna slándála. Tugadh an leabhar do Choláiste na Tríonóide le cabhair ó Anraí Mac Seoin, nuair a ceapadh mar easpag ar an Mí é i 1661.



**Pangur Bán**

*Mise agus Pangur Bán,*
*Dúinn ár ndís ní hionann dáil;*
*Seilg is mian leis sin de ghnáth*
*Lem shaincéird dom féin gach tráth.*

*Caraimse fós - fearr ná clú -*
*Ag mo leabhar á léirscrúdú.*
*Éad ní bhíonn ag Pangur liom,*
*A ghnó geal féin a dhéanann.*

*Gnáth ar uaire gaisce is gal;*
*Gabhtar luch ina liontán-san;*
*Titeann domsa im liontán féin*
*Focal fite nach soiléir.*

*Tugann sin le fraigh is fál*
*Aire léir na rosc comhlán;*
*Tugaim féin le géire fis*
*Mo rosc ba léir, gidh faon anois.*

*Pangur féin a chinneann dó*
*Modh a shaothair gach aon ló;*
*Cinnimse mo shain-mhodh féin*
*Deacair docht a thabhairt soiléir.*



*(Scríofa ag manach sa naoú haois i St Gallen, An Eilvéis)*

**Eolas do Chuairteoirí**



Leabharlann Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath

## Leabharlann Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath

Tá Leabharlann Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, ar cheann de mhórleabharlanna taighde an domhain agus tá an bailiúchán is mó de lámhscríbhinní agus de leabhair chlóbhuailte in Éirinn inti. Ón mbliain 1801 i leith tá sé de cheart aici gach foilseachán Breataineach agus Éireannach a éileamh (saor in aisce) faoi na hachtanna cóipchirt cuí. Tá beagnach trí mhilliún leabhar sa Leabharlann agus iad ar coimeád in ocht bhfoirgneamh éagsúla. Tá leabharlann i gColáiste na Tríonóide ó thug an Bhanríon Eilís cairt a bhunaithe sa bhliain 1592. Is í an tSeanleabharlann an foirgneamh is sine de chuid na Leabharlainne dá maireann. Tógadh í sin sa tréimhse ama 1712 go 1732, agus ba é Thomas Burgh a dhear í.

Tá trí chuid den tSeanleabharlann ar oscailt do chuairteoirí: colúnáid oscailte ab ea urlár na talún i dtosach báire, agus í arna roinnt ar a fad ag balla lárnach; is ag comhaltaí an Choláiste amháin a bhíodh cead an taobh theas de, taobh na gréine, a ghnáthú. Sa bhliain 1892, líonadh isteach na stuabhealaí chun stácaí leabhar a dhéanamh. Céad bliain ina dhiaidh sin, i 1992, rinneadh atógáil inmheánach ar an gcuid seo den fhoirgneamh chun slí a sholáthar le haghaidh Siopa Leabharlainne níos mó agus láthair taispeántas nua.

San am céanna, tógadh Treisinéireacht sa Phailliún Thoir chun lámhscríbhinní meánaoiseacha na soiscéal a chur ar taispeáint, go háirithe Leabhar Cheanannais, Leabhar Ard Mhacha agus Leabhar Dharú. Bhí Scoil na Fealsúnachta Ionnaithe anseo i dtosach báire.

## An Seomra Fada

Is é an Seomra Fada príomhsheomra na Seanleabharlainne. Tá sé beagnach 65 méadar ar fad, agus is ann a choimeádtar tuairim 200,000 de na leabhair is sine dá bhfuil sa Leabharlann. Nuair a tógadh ar dtús é, síleáil chothrom plástair a bhí air; ní raibh leabhragáin ach ar an leibhéal íochtair agus bhí áiléar oscailte lastuas de sin. Faoi lár an 19ú céad, bhí na leabhragáin sin pulctha; agus sa bhliain 1860 cheap na hailtirí Deane agus Woodward pleananna chun an díon a ardú ionas gurbh fhéidir an tsíleáil chruinnbhoghtach agus na leabhragáin áiléir atá anois ann a thógáil.

Tá bustaí marmair feadh dhá thaobh an tseomra. Cuireadh an bailiúchán seo ar bun i 1743 nuair a iarradh ar an dealbhóir Peter Scheemakers 14 busta a dhéanamh. Dealbhóirí eile a bhfuil saothar leo anseo ná Simon Vierpyl, Patrick Cunningham, John van Nost agus Louis Francois Roubiliac, a bhfuil a bhusta den scríbhneoir Jonathan Swift ar cheann de na cinn is fearr sa bhailiúchán.

Tá an chláirseach ar an gceann is sine dá maireann in Éirinn. Meastar gur sa 15ú céad a rinneadh í. De dhair agus saileach atá sí déanta agus tá sreanga práis inti. Is í an chláirseach seo atá léirithe ar mhona na hÉireann mar shamhail de shean-saíocht na tíre. Finscéal is ea é gur le Brian Bórú, a fuair bás sa bhliain 1014, í.

**AN TSEANLEABHARLANN**




Tá cóip d'Fhorógra na Poblachta (1916) ar taispeáint; tá sí seo ar cheann den dosaen cóip, nó mar sin, atá fós ar marthain. Cuireadh tús le hÉirí Amach na Cásca nuair a léigh Pádraig Mac Piarais an Forógra os ard lasmuigh d'Ardoifig an Phoist ar 24 Aibreán 1916.

Leis an bhfonsa de litreacha órga atá laistíos den áiléar, coinnítear i gcuimhne daoine a chuir comaoin ar an Leabharlann sa 17ú agus san 18ú céad: James Ussher, Ardeaspag Ard Mhacha; An Rí Séarlas II; William Palliser, Ardeaspag Chaisil; Claudius Gilbert, agus Theophilus Butler.

Bíonn taispeántais, a athraítear ó am go ham, de leabhair chlóbhuailte agus lámhscríbhinní as bailiúcháin na Leabharlainne ar taispeáint sa Seomra Fada.

## Cairde na Leabharlainne

Tacaíonn Cairde na Leabharlainne le hobair Leabharlann Choláiste na Tríonóide. Tugann siad poiblíocht d'imeachtaí na leabharlainne agus cuireann siad airgead ar fáil chun leabhair a cheannach de bhreis ar a bhféadfaí a cheannach leis an méid airgid is féidir leis an gColáiste a sholáthar.

€30 sa bhliain an bunsíntiús ballraíochta. Ar an méid sin, faigheann na baill:

- an iris *Long Room*, ina mbíonn aistí faoi bhailiúcháin na Leabharlainne agus míreanna eile leabhareolais;
- nuachtlitir, a fhoilsítear faoi thrí gach bliain;
- cead isteach saor in aisce chun na Seanleabharlainne;
- cuirí chuig oscailtí taispeántas;
- clár léachtaí agus cuairteanna;
- cuid d'fhoilseacháin na gCairde ar lascáiste speisialta.

## Le Clárú mar bhall:

Is féidir leat clárú mar bhall láithreach (eolas le fáil i Siopa na Leabharlainne), nó scríobh chuig: An Cisteoir, Cairde na Leabharlainne, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath 2, ónar féidir tuilleadh eolais a fháil.

## Siopa na Leabharlainne

Cuid dhílis den Leabharlann is ea Siopa na Leabharlainne, agus úsáidtear an fáltas chun tacú le ceannach leabhar agus le seirbhísí eile. Tugann an Siopa tús áite d'earraí a bhaineann le: Leabhar Cheanannais, an ealaín Cheilteach, stair na hÉireann, Coláiste na Tríonóide agus cathair Bhaile Átha Cliath. Tá leabhair, cártaí, dlúthdhioscaí agus caiséid, seodra, póstaeir, T-léinte agus earraí lámhdhéanta ar díol.

Ball d'Eagraíocht na Siopaí Músaeim is ea Siopa na Leabharlainne.

Tá córas ordaithe tríd an bpost ar bun. Tuilleadh eolais le fáil ach é a iarraidh.
Teileafón: (+353 1) 896 1171  Facs: (+353 1) 896 1016